2026/1945

13.8.2026

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1945 ÓN gCOIMISIÚN

**an 10 Lúnasa 2026**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2026) 5802)*

**(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe de chineál gabhair agus de chineál caorach agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith ag an ngalar sin ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar ghluaiseachtaí choinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha. I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe de chineál gabhair nó de chineál caorach, tá riosca tromchúiseach ann go leathfaidh an galar sin go bunaíochtaí eile ina gcoimeádtar na hainmhithe sin.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, foráiltear le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe atá le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseoidh an crios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, crios srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(3) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 ón gCoimisiún ([4]) tar éis ráigeanna den bholgach caorach agus den bholgach gabhar sa Bhulgáir, agus leagtar síos leis bearta éigeandála áirithe atá le déanamh ag an mBallstát sin. Go sonrach, déantar foráil le hAirteagal 1 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBallstát sin, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear i gCodanna A agus B d'Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin. Foráiltear leis freisin nach mór na bearta atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a choinneáil ar bun go dtí na dátaí a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ar a laghad.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coiscthe agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i leith catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca suntasach ag gabháil leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 ón gCoimisiún an 5 Meitheamh 2025 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/948 (IO L, 2025/1160, 10.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1160/oj).

(4) Ó rinneadh an leasú deireanach ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1746 ón gCoimisiún ([5]), tá fógra tugtha ag an mBulgáir don Choimisiún faoi shé ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe de chineál caorach i réigiúin Haskovo, Plovdiv, Blagoevgrad agus Stara Zagora, laistigh den tréimhse ón 22 Iúil go dtí an 5 Lúnasa 2026. Tá cúig cinn de na ráigeanna nua sin lonnaithe lasmuigh de na criosanna srianta a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna roimhe sin, is iad sin i réigiúin Haskovo, Blagoevgrad agus Stara Zagora, nár tuairiscíodh an galar iontu roimhe sin. Mar fhreagairt air sin, tá criosanna cosanta agus faireachais bunaithe ag an mBulgáir i réigiúin Haskovo, Plovdiv, Blagoevgrad agus Stara Zagora, ina bhfuil na bearta rialaithe galar a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 á gcur i bhfeidhm.

(5) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise le haghaidh na Bulgáire san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160, chomh maith le fad na mbeart is infheidhme iontu, ba cheart iad a choigeartú chun na ráigeanna nua a chur san áireamh. Dá réir sin, is gá liosta na gcriosanna srianta, agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart na hIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 a leasú dá réir.

(7) Tá méid na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise agus fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin bunaithe ar na critéir a leagtar síos in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 freisin. Sna critéir a chuirtear i bhfeidhm maidir le méid agus líon na gcriosanna cosanta, na gcriosanna faireachais agus na gcriosanna srianta breise a roghnú, chomh maith le fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm laistigh de na criosanna sin a roghnú, déantar breithniú ní hamháin ar an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir atá buailte ag an ngalar sin, ach ar staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar i gcríoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann an galar sin freisin, chomh maith leis an leibhéal riosca atá ann maidir le leathadh breise an ghalair. Ina theannta sin, maidir le fad na mbeart dá bhforáiltear leis an gCinneadh seo, rinneadh é a chinneadh i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a leagtar amach sa Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe (WOAH) ([6]).

(8) I bhfianaise phráinn na staide eipidéimeolaíche san Aontas a mhéid a bhaineann le leathadh na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar agus i bhfianaise an ghá cosc a chur ar leathadh an ghalair sin ó na bunaíochtaí atá buailte sa Bhulgáir go codanna eile den Bhallstát sin agus go Ballstáit eile, ba cheart éifeacht a bheith ag na leasuithe a dhéanfar ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 leis an gCinneadh seo a luaithe is féidir.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an téacs a leagtar amach sna hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na nIarscríbhinní a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160.

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2026/1746 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2026 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1160 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir (IO L, 2026/1746, 16.7.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/1746/oj).

([6]) https://www.woah.org/en/what-we-do/standards/codes-and-manuals/.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Lúnasa 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Olivér VÁRHELYI
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

*'IARSCRÍBHINN I*

**Cuid A: Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar na ráigeanna deimhnithe**

| Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Region of Plovdiv**<br>BG-CAPRIPOX-2025-00039<br>BG-CAPRIPOX-2025-00042<br>BG-CAPRIPOX-2025-00045<br>BG-CAPRIPOX-2025-00046<br>BG-CAPRIPOX-2025-00047<br>BG-CAPRIPOX-2025-00048<br>BG-CAPRIPOX-2025-00061<br>BG-CAPRIPOX-2025-00069<br>BG-CAPRIPOX-2025-00070<br>BG-CAPRIPOX-2025-00073<br>BG-CAPRIPOX-2025-00078<br>BG-CAPRIPOX-2025-00084<br>BG-CAPRIPOX-2025-00088<br>BG-CAPRIPOX-2025-00090<br>BG-CAPRIPOX-2025-00091<br>BG-CAPRIPOX-2025-00092<br>BG-CAPRIPOX-2025-00094<br>BG-CAPRIPOX-2025-00095<br>BG-CAPRIPOX-2025-00097<br>BG-CAPRIPOX-2025-00135<br>BG-CAPRIPOX-2025-00149<br>BG-CAPRIPOX-2026-00001<br>BG-CAPRIPOX-2026-00002<br>BG-CAPRIPOX-2026-00004 | Protection zone:<br>Those parts of the regions of Plovdiv, Haskovo, and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates<br>Lat. 42.200, Long. 24.790453 (2025/39), Lat. 42.2829, Long. 24.9637 (2025/42), Lat. 42.2308, Long 25.0438 (2025/45), Lat. 42.2401, Long. 25.0556 (2025/46), Lat. 42.2037, Long. 25.0513 (2025/47), Lat. 42.1959, Long. 25.0566 (2025/48), Lat. 42.0248, Long. 25.096 (2025/61), Lat. 42.2883, Long. 24.6303 (2025/69), Lat. 42.3705, Long. 24.725 (2025/70), Lat. 42.3263, Long. 24.6724 (2025/73), Lat. 42.0146, Long. 25.2956 (2025/78),, Lat. 42.3063, Long. 24.5243 (2025/84), Lat. 41.9443, Long. 25.2481 (2025/88), Lat. 41.9423, Long. 25.2434 (2025/90), Lat. 41.9449, Long. 25.2471 (2025/91), Lat. 42.267, Long. 24.554 (2025/92), Lat. 42.2848, Long. 24.5428 (2025/94), Lat. 42.2757, Long. 24.5373 (2025/95), Lat. 41.9456, Long. 25.2427 (2025/97),, Lat. 42.1483, Long. 25.0517 (2025/135), Lat. 42.0859, Long. 24.7088 (2025/149), Lat. 42.3442, Long. 24.8236 (2026/1), Lat. 42.0275, Long. 25.1041 (2026/4). | 31.12.2026 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the regions of Plovdiv,, Stara Zagora, Haskovo and Pazardzhik contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates<br>Lat. 42.200, Long. 24.790453 (2025/39), Lat. 42.2829, Long. 24.9637 (2025/42), Lat. 42.2308, Long 25.0438 (2025/45), Lat. 42.2401, Long. 25.0556 (2025/46), Lat. 42.2037, Long. 25.0513 (2025/47), Lat. 42.1959, Long. 25.0566 (2025/48), Lat. 42.0248, Long. 25.096 (2025/61), Lat. 42.2883, Long. 24.6303 (2025/69), Lat. 42.3705, Long. 24.725 (2025/70), Lat. 42.3263, Long. 24.6724 (2025/73), Lat. 42.0146, Long. 25.2956 (2025/78), Lat. 42.3063, Long. 24.5243 (2025/84), Lat. 41.9443, Long. 25.2481 (2025/88), Lat. 41.9423, Long. 25.2434 (2025/90), Lat. 41.9449, Long. 25.2471 (2025/91), Lat. 42.267, Long. 24.554 (2025/92), Lat. 42.2848, Long. 24.5428 (2025/94), Lat. 42.2757, Long. 24.5373 (2025/95), Lat. 41.9456, | 31.12.2026 |

| Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| | Long. 25.2427 (2025/97), Lat. 42.1228, Long. 24.9373 (2025/138), Lat. 42.0859, Long. 24.7088 (2025/149), Lat. 42.3905, Long. 25.131 (2025/153), Lat. 42.3442, Long. 24.8236 (2026/1),<br>Lat. 42.0275, Long. 25.1041 (2026/4).<br>excluding the areas contained in the protection zone. | |
| **Region of Haskovo**<br>BG-CAPRIPOX-2026-00003 | Protection zone:<br>Those parts of the regions of Haskovo, and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates<br>Lat. 42.0589, Long. 25.9811(2026/3) | 18.8.2026 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the regions of Haskovo and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.0589, Long. 25.9811(2026/3), excluding the areas contained in the protection zone. | 27.8.2026 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the regions of Haskovo and Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.0589, Long. 25.9811(2026/3) | 19.8.2026-27.8.2026 |
| **Region of Blagoevgrad**<br>BG-CAPRIPOX-2026-00005 | Protection zone:<br>Those parts of the region of Blagoevgrad contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates<br>Lat. 41.47007, Long. 23.69399 (2026/5). | 31.8.2026 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the region of Blagoevgrad contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.47007, Long. 23.69399 (2026/5) excluding the areas contained in the protection zone. | 9.9.2026 |
| | Those parts of the region of Blagoevgrad contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 41.47007, Long. 23.69399 (2026/5). | 1.9.2026 – 9.9.2026 |

| Réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid den chrios srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí é |
|---|---|---|
| **Region of Stara Zagora**<br>BG-CAPRIPOX-2026-00006<br>BG-CAPRIPOX-2026-00007<br>BG-CAPRIPOX-2026-00008 | Protection zone:<br>Those parts of the region of Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates<br>Lat. 42.334, Long. 25.2153 (2026/6)<br>Lat. 42.2401, Long. 25.2523 (2026/7)<br>Lat. 42.2168, Long. 25.2290 (2026/8) | 4.9.2026 |
| | Surveillance zone:<br>Those parts of the region of Stara Zagora and Haskovo contained within a circle of a radius of 20 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.334, Long. 25.2153 (2026/6); Lat. 42.2401, Long. 25.2523 (2026/7); Lat. 42.2168, Long. 25.2290 (2026/8) excluding the areas contained in the protection zone. | 13.9.2026 |
| | Those parts of the region of Stara Zagora contained within a circle of a radius of 5 kilometres, centred on UTM 30, ETRS89 coordinates Lat. 42.334, Long. 25.2153 (2026/6); Lat. 42.2401, Long. 25.2523 (2026/7); Lat. 42.2168, Long. 25.2290 (2026/8) | 5.9.2026 – 13.9.2026 |

**Cuid B: Criosanna srianta breise**

| Crios srianta breise | Réigiún | Limistéir atá sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 2 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí é |
|---|---|---|---|
| **Crios srianta breise** | **Region of Plovdiv** | The entire region of Plovdiv excluding the areas included in any protection or surveillance zone. | 31.12.2026 |

*IARSCRÍBHINN II*

| Limistéar | Réigiún | Limistéir, dá dtagraítear in Airteagal 3 | An dáta a bheidh siad infheidhme go dtí é |
|---|---|---|---|
| **Limistéar** | **Region of Plovdiv** | The entire region of Plovdiv. | 31.12.2026’ |